AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 17.9.2024
COM(2024) 55 final

ANNEX

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh
MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le timpeallachtaí saor ó thobac agus ó aerasóil
lena n-ionadaítear Moladh (AE) 2009/C 296/02 ón gComhairle

{SWD(2024) 55 final} - {SWD(2024) 56 final}

IARSCRÍBHINN

Treoirlínte maidir le cosaint ar nochtadh do thoit tobac, arna nglacadh ag an Dara Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún EDS maidir le Rialú Tobac

CUSPÓIRÍ AGUS PRÍOMHGHNÉITHE

Cuspóir na dtreoirlínte

1. I gcomhréir le forálacha eile de Chreat-Choinbhinsiún EDS maidir le Rialú Tobac agus rúin Chomhdháil na bPáirtithe, tá sé beartaithe go mbeidh na treoirlínte seo mar chúnamh do na Páirtithe lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 8 den Choinbhinsiún. Tarraingítear iontu ar an bhfianaise is fearr dá bhfuil ar fáil agus taithí na bPáirtithe a bhfuil bearta éifeachtacha curtha chun feidhme go héifeachtach acu chun nochtadh do thoit tobac a laghdú.

2. Sna treoirlínte tá ráitis prionsabal a comhaontaíodh agus sainmhínithe ar théarmaí ábhartha, chomh maith le moltaí a comhaontaíodh le haghaidh na mbeart a cheanglaítear chun oibleagáidí an Choinbhinsiúin a chomhlíonadh. Ina theannta sin, leis na treoirlínte sainaithnítear na bearta is gá chun cosaint éifeachtach ar na guaiseacha a bhaineann le toit thánaisteach ó thobac a bhaint amach. Spreagtar Páirtithe chun na treoirlínte sin a úsáid ní hamháin chun a ndualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh faoin gCoinbhinsiún, ach freisin chun dea-chleachtais a leanúint maidir leis an tsláinte phoiblí a chosaint.

Cuspóirí na dtreoirlínte

3. Tá dhá chuspóir ghaolmhara ag baint leis na treoirlínte seo. Is é an chéad chuspóir atá ann cúnamh a thabhairt do Pháirtithe lena n-oibleagáidí faoi Airteagal 8 de Chreat-Choinbhinsiún EDS a chomhlíonadh, ar bhealach atá i gcomhréir leis an bhfianaise eolaíoch maidir le nochtadh do thoit thánaisteach ó thobac agus leis an dea-chleachtas ar fud an domhain maidir le bearta saor ó thobac a chur chun feidhme, chun ardchaighdeán cuntasachta a bhunú le haghaidh comhlíontacht chonartha agus chun cúnamh a thabhairt do na Páirtithe maidir le cur chun feidhme an chaighdeáin sláinte is airde is féidir a bhaint amach. Is é an dara cuspóir atá ann sainaithint a dhéanamh ar phríomheilimintí na reachtaíochta is gá chun daoine a chosaint go héifeachtach ar nochtadh do thoit tobac, mar a cheanglaítear le hAirteagal 8.

Gnéithe foluiteacha

4. Maidir le forbairt na dtreoirlínte seo bhí tionchar ag na gnéithe bunúsacha seo a leanas uirthi:

   (a) An dualgas chun cosaint a thabhairt ar thoit tobac, a chuimsítear i dtéacs Airteagal 8, tá sé fothaithe i gcearta bunúsacha an duine agus i saoirsí bunúsacha. I bhfianaise na gcontúirtí a bhaineann le toit thánaisteach ó thobac a ionanálú, tá an dualgas chun cosaint a thabhairt ar thoit tobac intuigthe, *inter alia*, sa cheart chun na beatha agus sa cheart chun an caighdeán sláinte is airde is féidir a bhaint amach, mar a aithnítear i roinnt mhaith ionstraimí dlí idirnáisiúnta (lena n-áirítear Bunreacht na hEagraíochta Domhanda Sláinte, an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh, an Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú agus an Cúnant maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha), mar a ionchorpraítear go foirmiúil i

mbrollach Chreat-Choinbhinsiún EDS agus mar a aithnítear i mbunreachtanna roinnt mhaith náisiún.

(b) An dualgas chun daoine aonair a chosaint ar thoit tobac, comhfhreagraíonn sé d'oibleagáid ó rialtais chun reachtaíocht a achtú chun daoine aonair a chosaint ar bhagairtí ar a gcearta agus ar a saoirsí bunúsacha. Leathnaítear an oibleagáid sin chun gach duine a chumhdach, seachas pobail áirithe agus iad sin amháin.

(c) Chinn comhlachtaí eolaíocha údarásacha éagsúla go bhfuil toit thánaisteacha ó thobac ina carcanaigin. I gcás Páirtithe áirithe i gCreat-Choinbhinsiún EDS (mar shampla, an Fhionlainn agus an Ghearmáin) d'aicmigh siad toit thánaisteach ó thobac mar charcanaigin agus d'áirigh siad an chosaint ar nochtadh di ag an obair ina reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta. I dteannta cheanglais Airteagal 8, dá bhrí sin, is féidir go mbeidh oibleagáid ar na Páirtithe aghaidh a thabhairt ar an nguais a bhaineann le nochtadh do thoit tobac i gcomhréir lena ndlíthe áite oibre atá ann cheana nó dlíthe eile lena rialaítear nochtadh do shubstaintí díobhálacha, lena n-áirítear carcanaiginí.

RÁITEAS PRIONSABAL AGUS SAINMHÍNITHE ÁBHARTHA IS BUN LE COSAINT AR NOCHTADH DO THOIT TOBAC

Prionsabail

5. Mar a thugtar faoi deara in Airteagal 4 de Chreat-Choinbhinsiún EDS, tá gá le gealltanas polaitiúil láidir chun bearta a dhéanamh chun na daoine uile a chosaint ar nochtadh do thoit tobac. Ba cheart na prionsabail seo a leanas a comhaontaíodh a bheith ina dtreoir maidir le cur chun feidhme Airteagal 8 den Choinbhinsiún.

Prionsabal 1

6. Le bearta éifeachtacha chun cosaint ar nochtadh do thoit tobac a sholáthar, mar a bheartaítear le hAirteagal 8 de Chreat-Choinbhinsiún EDS, ceanglaítear díothú iomlán an chaithimh tobac agus na toite tobac i spás nó timpeallacht ar leith chun timpeallacht atá 100 % saor ó thobac a chruthú. Níl aon leibhéal sábháilte nochta do thoit tobac ann, agus ba cheart coincheapa amhail luach tairsí le haghaidh tocsaineacht ó thoit thánaisteach a dhiúltú, ós rud é go dtagann fianaise eolaíoch salach orthu. Le cuir chuige seachas timpeallachtaí atá 100 % saor ó thobac, lena n-áirítear aeráil, scagadh aeir agus úsáid limistéar caite tobac ainmnithe (cé acu atá nó nach bhfuil córais aerála ar leithligh ann), léiríodh arís agus arís eile leo go raibh siad gan éifeacht agus tá fianaise chonclúideach ann, idir eolaíoch agus de chineál eile, nach gcosnaítear ar nochtadh do thoit tobac le cuir chuige innealtóireachta.

Prionsabal 2

7. Ba cheart na daoine uile a chosaint ar nochtadh do thoit tobac. Ba cheart na háiteanna oibre laistigh agus na háiteanna poiblí laistigh uile a bheith saor ó thobac.

Prionsabal 3

8. Tá gá le reachtaíocht chun daoine a chosaint ar nochtadh do thoit tobac. Léiríodh arís agus arís eile go bhfuil beartais dheonacha saor ó thobac gan éifeacht agus nach soláthraítear cosaint leordhóthanach leo. Chun a bheith éifeachtach, ba cheart reachtaíocht a bheith simplí, soiléir agus infhorfheidhmithe.

Prionsabal 4

9. Tá dea-phleanáil agus acmhainní leordhóthanacha fíor-riachtanach chun reachtaíocht saor ó thobac a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go rathúil.

Prionsabal 5

10. Tá ról lárnach ag an tsochaí shibhialta chun tacaíocht a chothú le haghaidh bearta saor ó thobac agus chun comhlíonadh na mbeart sin a áirithiú, agus ba cheart í a áireamh mar chomhpháirtí gníomhach sa phróiseas a bhaineann le reachtaíocht a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.

Prionsabal 6

11. Cur chun feidhme reachtaíochta saor ó thobac, a forfheidhmiú agus a tionchar, ba cheart faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu uile. Ba cheart a áireamh leis sin faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí thionscal an tobac agus freagairt dóibh, ar gníomhaíochtaí iad lena ndéantar dochar do chur chun feidhme agus forfheidhmiú na reachtaíochta, mar a shonraítear in Airteagal 20.4 de Chreat-Choinbhinsiún EDS.

Prionsabal 7

12. Ba cheart cosaint daoine ar nochtadh do thoit tobac a neartú agus a leathnú, más gá; féadfar reachtaíocht nua nó leasaithe, forfheidhmiú feabhsaithe agus bearta eile chun fianaise eolaíoch nua agus taithí ó chás-staidéir a léiriú a áireamh sa ghníomhaíocht sin.

Sainmhínithe

13. Agus reachtaíocht á forbairt, tá sé tábhachtach aire a thabhairt agus príomhthéarmaí á sainmhíniú. Déantar moltaí éagsúla maidir le sainmhínithe iomchuí, atá bunaithe ar an taithí i roinnt mhaith tíortha, a leagan amach anseo. Tá na sainmhínithe sa roinn seo ina bhforlíonadh orthu sin a áirítear cheana i gCreat-Choinbhinsiún EDS.

‘Toit thánaisteach ó thobac’ nó ‘toit chomhshaoil ó thobac’

14. Úsáidtear téarmaí malartacha éagsúla go coitianta chun tuairisc a thabhairt ar an gcineál toite ar a dtugtar aghaidh le hAirteagal 8 de Chreat-Choinbhinsiún EDS. Orthu sin áirítear ‘toit thánaisteach ó thobac’, ‘toit chomhshaoil ó thobac ’, agus ‘toit daoine eile’. Téarmaí amhail ‘caitheamh tobac fulangach’ agus ‘nochtadh ainneonach do thoit tobac’, ba cheart iad a sheachaint, ós rud é go dtugtar le fios le taithí sa Fhrainc agus in áiteanna eile go bhféadfaidh tionscal an tobac na téarmaí sin a úsáid chun tacú le seasamh go bhfuil nochtadh ‘deonach’ inghlactha. ‘Toit thánaisteach ó thobac’, rud a ghiorraítear uaireanta go dtí ‘SHS’, agus ‘toit chomhshaoil ó thobac,’ rud a ghiorraítear uaireanta go dtí ‘ETS’, is iad sin na téarmaí is fearr; sna treoirlínte seo úsáidtear ‘toit thánaisteach ó thobac’.

15. Is féidir toit thánaisteach ó thobac a shainmhíniú mar ‘an toit a astaítear ó bhun dó toitín nó ó tháirgí tobac eile, rud a dhéantar de ghnáth in éineacht leis an toit a easanálaíonn an caiteoir tobac’.

16. Is é atá i gceist le ‘aer saor ó thobac’ aer atá 100 % saor ó thobac. Leis an sainmhíniú sin áirítear aer nach féidir toit tobac a fheiceáil, a bholú, a bhrath ná a thomhas ann, ach níl sé teoranta dó sin[1]

‘Caitheamh tobac’

17. Ba cheart an téarma sin a shainmhíniú chun go n-áireofar a bheith i seilbh táirge tobac lasta gan beann ar cé acu atá an toit á hionanálú nó á heasanálú go gníomhach.

‘Áiteanna poiblí’

18. Cé go mbeidh éagsúlacht sa sainmhíniú beacht ar ‘áiteanna poiblí’ idir dlínsí, tá sé tábhachtach go sainmhínítear an téarma sin le reachtaíocht ar bhealach chomh leathan is féidir. Leis an sainmhíniú a úsáidtear ba cheart na háiteanna uile atá inrochtana don phobal i gcoitinne nó áiteanna le haghaidh úsáid chomhchoiteann a chumhdach, gan beann ar úinéireacht ná ceart rochtana.

‘Laistigh’ nó ‘iata’

19. Le hAirteagal 8 ceanglaítear cosaint ar thoit tobac in áiteanna oibre ‘laistigh’ agus áiteanna poiblí ‘laistigh’. Ós rud é go bhfuil gaistí féideartha ann maidir le limistéir ‘laistigh’ a shainmhíniú, ba cheart scrúdú sonrach a dhéanamh ar an taithí i dtíortha éagsúla agus an téarma sin á shainmhíniú. Ba cheart an sainmhíniú a bheith chomh cuimsitheach agus chomh soiléir is féidir, agus ba cheart aire a thabhairt sa sainmhíniú ionas nach gcruthófar liostaí a fhéadfar a léirmhíniú mar liostaí lena n-eisiatar limistéir ‘laistigh’ a d’fhéadfadh a bheith ábhartha. Moltar limistéir ‘laistigh’ (nó iata) a shainmhíniú chun aon spás a chumhdaítear le díon nó atá iata le balla nó taobh amháin nó níos mó a áireamh, gan beann ar an gcineál ábhair a úsáidtear le haghaidh an dín, an bhalla ná na dtaobhanna, agus gan beann ar cé acu atá an struchtúr ina struchtúr buan nó sealadach.

‘Áit oibre’

20. Ba cheart ‘áit oibre’ a shainmhíniú go leathan mar ‘aon áit a úsáideann daoine le linn a bhfostaíochta nó a n-oibre’. Leis sin ba cheart a áireamh ní hamháin obair a dhéantar le haghaidh cúitimh, ach obair dheonach freisin, más obair í den chineál a n-íoctar cúiteamh lena haghaidh de ghnáth. Ina theannta sin, le ‘áiteanna oibre’ áirítear ní hamháin na háiteanna sin ina ndéantar obair, ach freisin na háiteanna ceangailte nó bainteacha uile a úsáideann na hoibrithe le linn a bhfostaíochta go coitianta, lena n-áirítear, mar shampla, pasáistí, ardaitheoirí, staighrí, forsheomraí, comhshaoráidí, caifitéirí, leithris, tolglanna, seomraí lóin agus tithe amuigh freisin amhail seideanna agus botháin. Feithiclí a úsáidtear le linn na hoibre, is áiteanna oibre iad agus ba cheart iad a shainaithint amhlaidh go sonrach.

21. Ba cheart breithniú cúramach a dhéanamh ar áiteanna oibre ar tithe nó áiteanna cónaithe daoine aonair iad freisin, mar shampla, príosúin, institiúidí meabhairshláinte nó tithe altranais. Is éard atá sna háiteanna sin freisin áiteanna oibre le haghaidh daoine eile, ar cheart iad a chosaint ar nochtadh do thoit tobac.

[1] Is féidir gur ann d’eilimintí comhpháirte de thoit tobac san aer i méideanna atá róbheag lena dtomhas. Ba cheart aird a thabhairt ar an bhféidearthacht go bhféadfadh tionscal an tobac nó an earnáil fáilteachais iarracht a dhéanamh teacht i dtír ar theorainneacha an tsainmhínithe sin.

‘Iompar poiblí’

22. Ba cheart iompar poiblí a shainmhíniú chun aon fheithicil a áireamh, ar feithicil í a úsáidtear chun daoine den phobal a iompar, le haghaidh luaíochta nó gnóthachan tráchtála de ghnáth. Leis sin d’áireofaí tacsaithe.

RAON FEIDHME REACHTAÍOCHTA ÉIFEACHTAÍ

23. Le hAirteagal 8 ceanglaítear bearta éifeachtacha a ghlacadh chun daoine a chosaint ar nochtadh do thoit tobac in (1) áiteanna oibre laistigh, (2) áiteanna poiblí laistigh, (3) iompar poiblí, agus (4) ‘mar is iomchuí’ in ‘áiteanna poiblí eile’.

24. Leis sin cruthaítear oibleagáid chun cosaint uilíoch a sholáthar trína áirithiú go mbeidh na háiteanna poiblí laistigh uile, na háiteanna oibre laistigh uile, an t-iompar poiblí uile agus b’fhéidir áiteanna poiblí (amuigh faoin aer nó gar- amuigh faoin aer) eile saor ó nochtadh do thoit thánaisteach ó thobac. Níl bonn cirt le haon díolúine ar bhonn argóintí sláinte ná dlí. Más gá díolúintí a bhreithniú ar bhonn argóintí eile, ba cheart iad a bheith fíorbheag. Ina theannta sin, mura féidir le Páirtí cumhdach uilíoch a bhaint amach láithreach, le hAirteagal 8 cruthaítear oibleagáid leanúnach chun gluaiseacht a thapa is féidir chun aon díolúine a bhaint agus an chosaint a dhéanamh uilíoch. Ba cheart do gach Páirtí féachaint le cosaint uilíoch a sholáthar laistigh de 5 bliana ó theacht i bhfeidhm Chreat-Choinbhinsiún EDS le haghaidh an Pháirtí sin.

25. Ní ann d’aon leibhéal sábháilte de nochtadh do thoit thánaisteach, agus, mar a d’aithin Comhdháil na bPáirtithe roimhe sin i gcinneadh FCTC/COP1(15), le cuir chuige innealtóireachta, amhail aeráil, malartú aeir agus úsáid limistéar caite tobac ainmnithe, ní chosnaítear ar nochtadh do thoit tobac.

26. Ba cheart cosaint a sholáthar sna háiteanna oibre laistigh nó iata uile, lena n-áirítear mótarfheithiclí a úsáidtear mar áiteanna oibre (mar shampla, tacsaithe, otharcharranna nó feithiclí seachadta).

27. Le teanga an chonartha ceanglaítear bearta cosanta ní hamháin sna háiteanna poiblí ‘laistigh’ uile, ach freisin sna háiteanna poiblí ‘eile’ sin (is é sin, amuigh faoin aer nó garamuigh faoin aer) i gcás inarb ‘iomchuí’. Agus na háiteanna poiblí sin amuigh faoin aer agus garamuigh faoin aer ina bhfuil reachtaíocht iomchuí á sainaithint, ba cheart do na Páirtithe an fhianaise a bhreithniú maidir leis na guaiseacha sláinte féideartha i suíomhanna éagsúla agus ba cheart dóibh gníomhú chun an chosaint ar nochtadh is éifeachtaí dá bhfuil ann a ghlacadh aon uair a léirítear leis an bhfianaise gur ann do ghuais.

28. Maidir le feasacht a mhúscailt i measc an phobail agus ceannairí tuairimíochta maidir leis na rioscaí a bhaineann le nochtadh do thoit thánaisteach ó thobac trí fheachtais faisnéise leanúnacha, is tábhachtach an ról é sin le haghaidh gníomhaireachtaí rialtais, i gcomhpháirtíocht leis an tsochaí shibhialta, chun a áirithiú go dtuigfidh an pobal gníomhaíocht reachtach agus go dtacóidh sé léi. Ar na príomhpháirtithe leasmhara áirítear gnólachtaí, comhlachais bhialainne agus fáilteachais, grúpaí fostaithe, ceardchumainn, na meáin, gairmithe sláinte, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do leanaí agus daoine óga, institiúidí foghlama nó creidimh, an pobal taighde agus an pobal i gcoitinne. Ar na hiarrachtaí múscailte feasachta ba cheart a áireamh comhairliúchán le gnólachtaí dá ndéantar difear agus eagraíochtaí agus institiúidí eile le linn an reachtaíocht a fhorbairt.

29. Le príomhtheachtaireachtaí ba cheart díriú ar an díobháil a dhéantar de dheasca nochtadh do thoit thánaisteach ó thobac, an fíoras gurb é an t-aon réiteach eolaíochtbhunaithe atá ann chun cosaint iomlán ar nochtadh a áirithiú an toit a dhíothú laistigh, ceart na n-oibrithe uile a bheith cosanta go cothrom le dlí agus an fíoras nach ann d'aon chomhbhabhtáil idir an tsláinte agus eacnamaíocht, toisc go léirítear leis an taithí i líon méadaitheach dlínsí go dtéann timpeallachtaí saor ó thobac chun tairbhe dóibh araon. Le feachtais oideachais phoiblí ba cheart spriocdhíriú freisin ar shuíomhanna ar lena n-aghaidh is féidir nach mbeidh reachtaíocht indéanta ná iomchuí, amhail tithe príobháideacha.

30. Tá comhairliúchán leathan le páirtithe leasmhara fíor-riachtanach freisin chun oideachas a chur ar an bpobal agus chun é a shlógadh agus chun tacaíocht a éascú le haghaidh reachtaíochta tar éis a hachtacháin. Nuair a ghlacfar reachtaíocht, ba cheart feachtas oideachais a bheith ann sa tréimhse roimh chur chun feidhme an dlí, soláthar faisnéise le haghaidh úinéirí gnó agus bainisteoirí foirgnimh lena dtabharfar achoimre ar an dlí agus ar a bhfreagrachtaí agus táirgeadh acmhainní, amhail comharthaíocht. Leis na bearta sin méadófar dóchúlacht an chur chun feidhme rianúil agus ardleibhéal comhlíontachta deonaí. Le teachtaireachtaí chun daoine nach gcaitheann tobac a chumhachtú agus chun buíochas a ghabháil le caiteoirí tobac as an dlí a chomhlíonadh, cuirfear rannpháirtíocht an phobail i bhforfheidhmiú agus cur chun feidhme rianúil chun cinn.

FORFHEIDHMIÚ

Dualgas comhlíontachta

31. Le reachtaíocht éifeachtach ba cheart freagrachtaí dlíthiúla le haghaidh comhlíontachta a fhorchur ar bhunaíochtaí gnó dá ndéantar difear agus caiteoirí tobac aonair, agus ba cheart pionóis i leith sáruithe a sholáthar léi, ar cheart feidhm a bheith acu maidir le gnólachtaí agus, b'fhéidir, caiteoirí tobac. Le forfheidhmiú ba cheart díriú de ghnáth ar bhunaíochtaí gnó. Leis an reachtaíocht ba cheart an fhreagracht as comhlíontacht a chur ar an úinéir, ar an mbainisteoir nó ar dhuine eile atá i gceannas ar an áitreabh, agus ba cheart na gníomhaíochtaí a shainaithint go soiléir, ar gníomhaíochtaí iad a cheanglaítear air a dhéanamh. Ar na dualgais sin ba cheart a áireamh:

(a) dualgas chun comharthaí soiléire a chur in airde ag bealaí isteach agus ag suíomhanna iomchuí eile lena léirítear nach gceadaítear caitheamh tobac. Ba cheart d'údaráis sláinte nó gníomhaireachtaí eile den rialtas formáid agus ábhar na gcomharthaí sin a chinneadh agus féadfar uimhir theileafóin nó sásraí eile a shonrú iontu chun go dtuairisceoidh an pobal sáruithe agus ainm an duine laistigh den áitreabh ar cheart gearáin a chur chuige;

(b) dualgas chun aon luaithreadán a bhaint den áitreabh;

(c) dualgas chun maoirsiú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha;

(d) dualgas chun bearta sonraithe réasúnacha a dhéanamh chun daoine aonair a dhíspreagadh ó thobac a chaitheamh ar an áitreabh. Ar na bearta sin d'fhéadfaí a áireamh iarraidh ar an duine gan tobac a chaitheamh, scor den tseirbhís, iarraidh ar an duine an t-áitreabh a fhágáil agus teagmháil a dhéanamh le gníomhaireacht forfheidhmithe dlí nó údarás eile.

Pionóis

32. Leis an reachtaíocht ba cheart fíneálacha nó pionóis airgeadaíochta eile a shonrú i leith sáruithe. Cé gur cinnte go léireofar cleachtais agus gnásanna sonracha gach tíre i méid na bpionós sin, ba cheart roinnt prionsabal a bheith ina dtreoir don chinneadh. Rud a bhfuil tábhacht ar leith leis, ba cheart pionóis a bheith sách mór chun sáruithe a dhíspreagadh nó d'fhéadfadh sáraitheoirí neamhaird a dhéanamh orthu nó d'fhéadfaí nach ndéileálfaí leo ach mar chostais a bhaineann le gnó a dhéanamh. Ceanglaítear pionóis níos mó chun sáraitheoirí gnó a dhíspreagadh ná chun sáruithe ó chaiteoirí tobac aonair a dhíspreagadh, daoine a mbíonn níos lú acmhainní acu de ghnáth. Ba cheart pionóis a mhéadú i leith sáruithe athfhillteacha agus ba cheart iad a bheith i gcomhréir leis an mbealach a dhéileálann tír le cionta eile atá chomh tromchúiseach céanna.

33. I dteannta pionóis airgeadaíochta, leis an reachtaíocht féadfar foráil a dhéanamh freisin maidir le smachtbhannaí riaracháin, amhail ceadúnais ghnó a chur ar fionraí, i gcomhréir le cleachtas agus córas dlí na tíre. Is annamh a úsáidtear na 'smachtbhannaí dála deiridh' sin, ach tá an-tábhacht leo chun an dlí a fhorfheidhmiú in aghaidh aon ghnólacht a roghnaíonn neamhaird a thabhairt ar an dlí arís agus arís eile.

34. Pionóis choiriúla i leith sáruithe, féadfar iad a bhreithniú lena gcuimsiú, más iomchuí laistigh de chomhthéacs dlí agus cultúir tíre.

Bonneagar forfheidhmiúcháin

35. Sa reachtaíocht ba cheart an t-údarás nó na húdaráis atá freagrach as forfheidhmiú a shainaithint, agus ba cheart córas a áireamh inti chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht agus chun sáraitheoirí a ionchúiseamh.

36. Le faireachán ba cheart próiseas a áireamh chun cigireacht a dhéanamh ar ghnólachtaí maidir le comhlíontacht. Is annamh gur gá córas cigireachta nua a chruthú chun reachtaíocht saor ó thobac a fhorfheidhmiú. Ina ionad sin, is iondúil gur féidir faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht trí úsáid a bhaint as ceann amháin nó níos mó de na sásraí atá i bhfeidhm cheana chun cigireacht a dhéanamh ar áitribh ghnó agus ar áiteanna oibre. Is iondúil go mbíonn réimse roghanna ann chun na críche sin. I roinnt mhaith tíortha féadfar cigireachtaí comhlíontachta a chomhtháthú i gcigireachtaí ceadúnúcháin gnó, cigireachtaí sláinte agus sláintíochta, cigireachtaí maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an áit oibre, cigireachtaí sábháilteachta ó dhóiteán nó cláir chomhchosúla. D'fhéadfadh sé a bheith áisiúil na foinsí éagsúla bailithe faisnéise sin a úsáid go comhuaineach.

37. I gcás inar féidir, moltar cigirí nó gníomhairí forfheidhmiúcháin a úsáid ar an leibhéal áitiúil; is dócha go méadófar leis sin na hacmhainní forfheidhmiúcháin atá ar fáil agus an leibhéal comhlíontachta. Leis an gcur chuige sin ceanglaítear sásra comhordúcháin náisiúnta a bhunú chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú ar bhonn náisiúnta.

38. Gan beann ar an sásra a úsáidtear, ba cheart faireachán a bheith bunaithe ar phlean forfheidhmiúcháin foriomlán, agus ba cheart próiseas a áireamh leis chun oiliúint éifeachtach a chur ar chigirí. Le faireachán éifeachtach is féidir go gcomhcheanglófar cigireachtaí tráthrialta le cigireachtaí neamhsceidealaithe, gan choinne, chomh maith le cuairteanna a dhéantar mar fhreagairt ar ghearáin. Is féidir go mbeidh na cuairteanna sin ina gcuairteanna oideachasúla sa tréimhse luath tar éis teacht i bhfeidhm don dlí, ós rud é gur dócha go mbeidh formhór na sáruithe ina sáruithe

neamhbheartaithe. Leis an reachtaíocht ba cheart a údarú do chigirí teacht isteach in áitribh faoi réir an dlí agus samplaí a chruinniú agus fianaise a bhailiú, mura mbunaítear na cumhachtaí sin cheana leis an dlí atá ann cheana. Ar an gcaoi chéanna, leis an reachtaíocht ba cheart gnólachtaí a thoirmeasc ar bhac a chur ar na cigirí ina n-obair.

39. Níl an costas a bhaineann le faireachán éifeachtach iomarcach. Ní gá líonta móra cigirí a fhostú, toisc gur féidir cigireachtaí a dhéanamh agus na cláir agus an pearsanra atá ann cheana á n-úsáid, agus toisc go léirítear le taithí go dtagann reachtaíocht atá saor ó thobac chun bheith féin-fhorfheidhmithe go tapa (is é sin, go bhforfheidhmíonn an pobal í den chuid is mó). Is féidir nach mbeidh gá ach le cúpla ionchúiseamh má chuirtear an reachtaíocht chun feidhme go cúramach agus má dhéantar iarrachtaí gníomhacha chun oideachas a chur ar ghnólachtaí agus ar an bpobal.

40. Cé nach bhfuil na cláir sin costasach, tá gá le hacmhainní chun oideachas a chur ar ghnólachtaí, oiliúint a chur ar chigirí, an próiseas cigireachta a chomhordú agus cigireachtaí gnólachtaí lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre a chúiteamh leis an bpearsanra. Ba cheart sásra cistiúcháin a shainaithint chun na críche sin. Le cláir faireacháin éifeachtacha úsáideadh réimse foinsí cistiúcháin, lena n-áirítear ioncaim chánach thiomnaithe, táillí ceadúnúcháin gnó agus ioncaim thiomnaithe ó fhíneálacha arna n-íoc ag sáraitheoirí.

Straitéisí forfheidhmiúcháin

41. Le cuir chuige straitéiseacha maidir le forfheidhmiú is féidir comhlíontacht a uasmhéadú, cur chun feidhme reachtaíochta a shimpliú agus laghdú a dhéanamh ar leibhéal na n-acmhainní forfheidhmiúcháin is gá.

42. Go háirithe, gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin sa tréimhse díreach tar éis theacht i bhfeidhm an dlí, tá siad ríthábhachtach le haghaidh rath an dlí agus le haghaidh rath an fhaireacháin agus an fhorfheidhmithe amach anseo. Molann roinnt mhaith dlínsí tréimhse thosaigh d'fhorfheidhmiú bog, ar lena linn a thugtar rabhadh do sháraitheoirí ach nach ngearrtar pionós orthu. Ba cheart an cur chuige sin a chomhcheangal le feachtas gníomhach chun oideachas a chur ar úinéirí gnó maidir lena bhfreagrachtaí faoin dlí, agus ba cheart do ghnólachtaí a thuiscint go leanfaidh forfheidhmiú níos déine an tréimhse chairde nó an tréimhse tabhairt isteach thosaigh.

43. Nuair a thosaíonn forfheidhmiú gníomhach, molann roinnt mhaith dlínsí úsáid ionchúiseamh ardphróifíle chun díspreagadh a fheabhsú. Trí sháraitheoirí tábhachtacha a shainaithint a thug neamhaird ghníomhach ar an dlí nó atá aitheanta sa phobal, trí ghníomhaíocht dhaingean agus thapa a dhéanamh agus trí fheasacht phoiblí uasta ar na gníomhaíochtaí sin a lorg, tá údaráis in ann a ndiongbháilteacht agus tromchúis an dlí a léiriú. Leis sin méadaítear comhlíontacht dheonach agus laghdaítear na hacmhainní is gá chun faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh amach anseo.

44. Cé go dtagann dlíthe saor ó thobac chun bheith féin-fhorfheidhmithe go tapa, tá sé fíor-riachtanach mar sin féin go mbeadh na húdaráis ullmhaithe chun freagairt go gasta agus go cinntitheach d'aon chás lena mbaineann neamhchead glan. Go háirithe nuair a thagann dlí i bhfeidhm ar dtús, is féidir go mbeidh sáraitheoir ócáideach ann a thaispeánann díspeagadh le haghaidh an dlí go poiblí. Le freagairtí láidre sna cásanna sin leagtar síos ionchas comhlíontachta lena n-éascófar iarrachtaí amach anseo, cé go bhféadfadh sáruithe forleathana teacht go tapa as éiginnteacht.

An pobal a shlógadh agus páirt a thabhairt dó

45. Feabhsaítear éifeacht cláir faireacháin agus forfheidhmiúcháin trí pháirt a thabhairt don phobal sa chlár. Trí thacaíocht an phobail a mhealladh agus baill den phobal a spreagadh chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht agus sáruithe a thuairisciú, leathnaítear for-rochtain gníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin go mór agus laghdaítear na hacmhainní is gá chun comhlíontacht a bhaint amach. Go deimhin, i roinnt mhaith dlínsí, tá gearáin ón bpobal ar an bpríomhbhealach chun comhlíontacht a áirithiú. Ar an gcúis sin, le reachtaíocht saor ó thobac ba cheart a shonrú go bhféadfaidh baill den phobal gearáin a thionscnamh agus ba cheart a údarú d'aon duine nó eagraíocht neamhrialtasach gníomhaíocht a thionscnamh chun iallach a chur ar dhaoine na bearta lena rialaítear nochtadh do thoit thánaisteach a chomhlíonadh. Leis an gclár forfheidhmiúcháin ba cheart beolíne gearán teileafóin saor in aisce nó córas comhchosúil a áireamh chun an pobal a spreagadh chun sáruithe a thuairisciú.

FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT A DHÉANAMH AR BHEARTA

46. Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar bhearta chun laghdú a dhéanamh ar nochtadh do thoit tobac, tá tábhacht leo sin ar chúiseanna éagsúla, mar shampla:

(a) chun tacaíocht pholaitiúil agus phoiblí a mhéadú chun forálacha reachtacha a neartú agus a leathnú;

(b) chun doiciméadú a dhéanamh ar an rath a bheidh mar bhonn eolais d'iarrachtaí tíortha eile agus lena dtabharfar cúnamh dóibh;

(c) chun na hiarrachtaí arna ndéanamh ag tionscal an tobac chun dochar a dhéanamh do na bearta cur chun feidhme a shainaithint agus a phoibliú.

47. Méid agus castacht an fhaireacháin agus na meastóireachta, beidh éagsúlacht iontu i measc na ndlínsí, de réir an tsaineolais agus na n-acmhainní atá ar fáil. Mar sin féin, tá sé tábhachtach meastóireacht a dhéanamh ar thoradh na mbeart arna gcur chun feidhme, go háirithe, maidir le príomhtháscaire an nochta do thoit thánaisteach in áiteanna oibre agus áiteanna poiblí. Is féidir go mbeidh bealaí costéifeachtacha ann chun an méid sin a bhaint amach, mar shampla ach úsáid a bhaint as sonraí nó faisnéis a bhailítear trí ghnáthghníomhaíochtaí amhail cigireachtaí san áit oibre.

48. Is ann d'ocht bpríomhtháscaire próisis agus toraidh ar cheart iad a mheas[2]: (2)

Próisis

(a) Eolas, dearcthaí agus tacaíocht le haghaidh beartais saor ó thobac i measc an phobail i gcoitinne agus grúpaí sonracha b'fhéidir, mar shampla, oibrithe beáir;

(b) forfheidhmiú beartas saor ó thobac agus comhlíonadh na mbeartas sin;

Torthaí

(a) laghdú ar nochtadh fostaithe do thoit thánaisteach ó thobac in áiteanna oibre agus áiteanna poiblí;

[2] Leis an bhfoilseachán *WHO policy recommendations: protection from exposure to second-hand tobacco smoke* (Ginéiv, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2007), déantar tagairtí do staidéir faireacháin, agus naisc chucu, ar staidéir iad a rinneadh in áit eile, a sholáthar maidir leis na táscairí sin uile.

(b) laghdú ar chion na toite tánaistí ó thobac san aer in áiteanna oibre (go háirithe i mbialanna) agus in áiteanna poiblí;

(c) laghdú ar mhortlaíocht agus galracht ó nochtadh do thoit thánaisteach ó thobac;

(d) laghdú ar nochtadh do thoit thánaisteach ó thobac i dtithe príobháideacha;

(e) athruithe i leitheadúlacht an chaithimh tobac agus iompraíochtaí a bhaineann le caitheamh tobac;

(f) tionchair eacnamaíocha.